Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Aibreán 2026**
**(OR. en)**

**8596/26**

**DELACT 79**
**DENLEG 35**
**FOOD 48**
**VETER 60**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 27 Aibreán 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 2633 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN<br>an 27.4.2026<br>lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/630 a mhéid a bhaineann leis na ceanglais maidir le fianú príobháideach na dtáirgí ilchodacha atá díolmhaithe ó rialuithe oifigiúla ag poist rialaithe teorann, agus táirgí gránach áirithe, glasraí, torthaí, cnónna ullmhaithe nó leasaithe, anlainn, tarsainn, blastanais agus milseogra a áireamh i liosta na dtáirgí ilchodacha atá díolmhaithe |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 2633 final.

---

Faoi iamh: C(2026) 2633 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 27.4.2026
C(2026) 2633 final

# RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN

**an 27.4.2026**

**lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/630 a mhéid a bhaineann leis na ceanglais maidir le fianú príobháideach na dtáirgí ilchodacha atá díolmhaithe ó rialuithe oifigiúla ag poist rialaithe teorann, agus táirgí gránach áirithe, glasraí, torthaí, cnónna ullmhaithe nó leasaithe, anlainn, tarsainn, blastanais agus milseogra a áireamh i liosta na dtáirgí ilchodacha atá díolmhaithe**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le Rialachán (AE) 2017/625[1] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Rialuithe Oifigiúla bunaítear an creat le haghaidh rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile chun cur i bhfeidhm ceart reachtaíocht an Aontais maidir leis an slabhra agraibhia a fhíorú. Áirítear leis sin rialuithe oifigiúla a dhéantar ar ainmhithe agus ar earraí a thagann isteach san Aontas ó thríú tíortha.

Le hAirteagal 48, pointe (h) den Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla déantar foráil i dtaca le catagóirí áirithe ainmhithe agus earraí dá dtagraítear in Airteagal 47(1) den Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla a thagann ó thríú tíortha, go bhféadfadh na hainmhithe agus na hearraí sin a bheith díolmhaithe ó rialuithe oifigiúla ag poist rialaithe teorann.

Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292 ón gCoimisiún[2] leagtar síos ceanglais maidir le coinsíneachtaí táirgí ilchodacha, lena n-áirítear forálacha maidir le fianuithe príobháideacha. Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/637 ón gCoimisiún[3] lena leasaítear Rialachán (AE) 2022/2292, bunaíodh maolú ar fhianú príobháideach maidir le táirgí ilchodacha a theacht isteach san Aontas nach bhfuil aon táirge próiseáilte de bhunadh ainmhíoch iontu seachas capsúil gheilitín nach ndíorthaítear ó chnámha athchogantacha. Dá bhrí sin, is gá forálacha Airteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/630[4] maidir le fianú príobháideach a ailíniú le forálacha Airteagal 22 i Rialachán (AE) 2022/2292.

Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/630 ón gCoimisiún díolmhaítear táirgí ilchodacha áirithe ó rialuithe oifigiúla ag poist rialaithe teorann. Is é is cuspóir don Rialachán seo cur le liosta na dtáirgí ilchodacha sin a mbaineann riosca íseal leo, ar táirgí fadré iad atá díolmhaithe ó rialuithe oifigiúla ag poist rialaithe teorann i Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/630 trí na táirgí seo a leanas a áireamh sa liosta sin: táirgí a fhaightear ó ghránaigh, amhail grán rósta, méiríní arbhair agus séideoga, glasraí, torthaí, cnónna agus codanna inite eile de phlandaí ullmhaithe nó leasaithe ina bhfuil mil mar an t-aon chomhábhar amháin de thionscnamh ainmhíoch, anlainn ina bhfuil úisc oisrí nó éisc, anlainn agus ullmhóidí díobh, tarsainn agus blastanais ina bhfuil mil mar an t-aon chomhábhar amháin de thionscnamh ainmhíoch, agus milseáin, gumaí agus a leithéid ina bhfuil oibreáin mhilsiúcháin shintéiseacha in ionad siúcra. Ba cheart do na húdaráis inniúla na táirgí ilchodacha sin a rialú ag an gceann scríbe, ag an bpointe scaoilte i saorchúrsaíocht san Aontas, nó ag trádstórais nó áitreabh an oibreora atá freagrach as an gcoinsíneacht.

---

[1] IO L 95, 7.4.2017, lch. 1.

[2] Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292 ón gCoimisiún an 6 Meán Fómhair 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais a bhaineann le coinsíneachtaí bia-ainmhithe áirithe agus earraí áirithe, atá beartaithe lena dtomhailt ag an duine, a thabhairt isteach san Aontas (IO L 304, 24.11.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2022/2292/2023-12-18).

[3] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/637 ón gCoimisiún an 29 Eanáir 2025 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292 a mhéid a bhaineann leis na ceanglais maidir le táirgí déiríochta áirithe, breiseáin bhia áirithe a dhíorthaítear ó ainmhithe, cásálacha collaigine, feoil mhionaithe, ullmhóidí feola, feoil díchnámhaithe go meicniúil agus táirgí ilchodacha a bhfuil capsúil gheilitín iontu a theacht isteach san Aontas (IO L, 2025/637, 29.4.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/637/oj).

[4] Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/630 ón gCoimisiún an 16 Feabhra 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le catagóirí earraí áirithe atá díolmhaithe ó rialuithe oifigiúla ag poist rialaithe teorann agus lena leasaítear Cinneadh 2007/275/CE ón gCoimisiún (IO L 132, 19.4.2021, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2021/630/oj).

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Chuathas i gcomhairle roinnt uaireanta le Grúpa Saineolaithe an Choimisiúin ‘rialuithe oifigiúla’ (E00911).

Ní dhearnadh aon mheasúnú tionchair. Níl coinne leis go mbeidh aon tionchar suntasach ag an Rialachán seo mar cuireann sé le liosta na dtáirgí ilchodacha atá díolmhaithe cheana ó rialuithe oifigiúla ag poist rialaithe teorann.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Is iad Airteagal 48, pointe (h), agus Airteagal 77(1), pointe (k), de Rialachán (AE) 2017/625 an bunús dlí.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 27.4.2026**

**lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/630 a mhéid a bhaineann leis na ceanglais maidir le fianú príobháideach na dtáirgí ilchodacha atá díolmhaithe ó rialuithe oifigiúla ag poist rialaithe teorann, agus táirgí gránach áirithe, glasraí, torthaí, cnónna ullmhaithe nó leasaithe, anlainn, tarsainn, blastanais agus milseogra a áireamh i liosta na dtáirgí ilchodacha atá díolmhaithe**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 agus Rialachán (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla)[1], agus go háirithe Airteagal 48, pointe (h), agus Airteagal 77(1), pointe (k), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/630 ón gCoimisiún[2] bunaítear liosta na dtáirgí ilchodacha fadré atá díolmhaithe ó rialuithe oifigiúla ag poist rialaithe teorann.

(2) Le hAirteagal 22 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292 ón gCoimisiún[3] leagtar síos ceanglais áirithe a mhéid a bhaineann leis an bhfianú príobháideach atá le cur i láthair ag oibreoirí gnó bia le haghaidh coinsíneachtaí de tháirgí ilchodacha fadré a thagann isteach san Aontas ó thríú tíortha nó ó réigiúin sna tíortha sin. Le hAirteagal

[1] IO L 95, 7.4.2017, lch. 1.

[2] Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/630 ón gCoimisiún an 16 Feabhra 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le catagóirí earraí áirithe atá díolmhaithe ó rialuithe oifigiúla ag poist rialaithe teorann agus lena leasaítear Cinneadh 2007/275/CE ón gCoimisiún (IO L 132, 19.4.2021, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2021/630/oj).

[3] Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292 ón gCoimisiún an 6 Meán Fómhair 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais a bhaineann le coinsíneachtaí bia-ainmhithe áirithe agus earraí áirithe, atá beartaithe lena dtomhailt ag an duine, a thabhairt isteach san Aontas (IO L 304, 24.11.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2022/2292/oj).

1, pointe (5), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/637 ón gCoimisiún[4], leasaíodh Airteagal 22 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292 trí mhaolú a thabhairt isteach ar fhianú príobháideach maidir le táirgí ilchodacha a theacht isteach san Aontas, táirgí nach bhfuil aon táirge próiseáilte de bhunadh ainmhíoch iontu seachas capsúil gheilitín nach ndíorthaítear ó chnámha athchogantacha, agus dá bhrí sin, is gá Airteagal 3(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/630 a leasú chun é a ailíniú le hAirteagal 22 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292.

(3) Tá riosca íseal do shláinte an duine agus do shláinte ainmhithe ag baint leis na táirgí ilchodacha fadré faoi chóid Ainmníochta Comhcheangailte 1904 10, 1904 20, 2001, 2004, 2005, 2008 19, 2008 99, 2103 agus 2106 i bhfoirm táirgí gránach áirithe, amhail grán rósta, méiríní arbhair agus séideoga, sceallóga prátaí agus criospaí atá oiriúnach lena gcaitheamh láithreach, glasraí, torthaí, cnónna agus codanna inite eile de phlandaí ullmhaithe nó leasaithe ina bhfuil mil mar an t-aon chomhábhar amháin de thionscnamh ainmhíoch, anlainn ina bhfuil úisc oisrí nó éisc, anlainn agus ullmhóidí lena n-aghaidh, tarsainn agus blastanais ina bhfuil mil mar an t-aon chomhábhar de thionscnamh ainmhíoch, agus milseáin, gumaí agus a leithéid ina bhfuil oibreáin mhilsiúcháin shintéiseacha in ionad siúcra, agus dá bhrí sin, ba cheart na táirgí sin a dhíolmhú freisin ó rialuithe oifigiúla ag poist rialaithe teorann.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/630 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/630 mar a leanas:

1. in Airteagal 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

   '2. Comhlíonfaidh táirgí ilchodacha fadré dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), na ceanglais maidir le fianú príobháideach a leagtar síos in Airteagal 22 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292.';

2. cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad na hIarscríbhinne.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

---

4 Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/637 ón gCoimisiún an 29 Eanáir 2025 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292 a mhéid a bhaineann leis na ceanglais maidir le táirgí déiríochta áirithe, breiseáin bhia áirithe a dhíorthaítear ó ainmhithe, cásálacha collaigine, feoil mhionaithe, ullmhóidí feola, feoil díchnámhaithe go meicniúil agus táirgí ilchodacha a bhfuil capsúil gheilitín iontu a theacht isteach san Aontas (IO L, 2025/637, 29.4.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/637/oj).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 27.4.2026

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*